

## Comórtas AE le haghaidh ranganna scoile d'aois 16+

### Cé muidne?

Is comhlacht atá neamhspleách ar an Aontas Eorpach é an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ([www.appf.europa.eu](http://www.appf.europa.eu), an “tÚdarás”) a bhfuil sé de chúram air faoin dlí tabhairt faoi nósanna imeachta cláraithe agus fíoraithe, comhlíonadh a rialú agus - nuair is gá - smachtbhannaí a chur ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ar fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Rannchuidíonn an tÚdarás leis an bhfeasacht dhaonlathach freisin ar leibhéal Eorpach trí infheictheacht doiciméadachta príomha a áirithiú i ndáil le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Ina theannta sin, cuireann an tÚdarás le hionracas na dtoghchán Eorpach a dhaingniú i gcoinne mí-úsáid sonraí pearsanta. I ngach réimse gníomhaíochta atá aige, oibríonn an tÚdarás i ndlúthchomhar le hinstiúidí agus comhlachtaí eile de chuid AE, go háirithe Parlaimint na hEorpa, chomh maith le húdaráis náisiúnta inniúla.

### Céard atá á thairiscint againn?

Tá an tÚdarás ag eagrú comórtais le haghaidh ranganna scoile san Aontas Eorpach.

#### *1) Incháilitheacht:*

Tá ranganna scoile, atá comhdhéanta de dhaltáí atá 16 bliana d’aois ar a laghad ó scoileanna ar fud an Aontais Eorpaigh, incháilithe chun bheith san iomaíocht. Beidh an comórtas ar siúl idir ranganna scoile<sup>1</sup> iomlána faoi stiúir múinteoir amháin ar a laghad in aghaidh an ranga rannpháirtigh.

#### *2) Topaic:*

**An daonlathas mar chuid lárnach de AE: Conas a bhíonn baint ag daonlathas AE le saol laethúil na saoránach? Cad is féidir linn a dhéanamh chun daonlathas AE a dhéanamh chomh beoga agus is féidir agus guthanna na saoránach a dhéanamh chomh hábhartha agus is féidir?**

#### *3) Cineálacha aighneachtaí atá á n-éileamh:*

- **Aiste** arna hullmhú ag an rang a phléann an topaic thuas (5 leathanach agus 15,000 carachtar ar a mhéad lena n-áirítear spásanna) atá scríofa i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh **AGUS**
- **Cur i láthair gearr i bhfoirm físeáin** (3 nóiméad ar a mhéad) ar na moltaí atá san aiste a thairiscint i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, ina bhfuil an rang ar fad rannpháirteach.

<sup>1</sup> Ní féidir ach iarratas amháin a dhéanamh in aghaidh an ranga scoile.

*Nóta: Forchoimeádaimid an ceart againn féin chun neamhaird a thabhairt ar aighneachtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha seo.*

## **Conas a thosóimid leis an bpróiseas?**

### *1) Réamhchlárú:*

- **Spriocdháta don réamhchlárú: 15 Meán Fómhair 2023** tríd an ríomhphost chuig [application@appf.europa.eu](mailto:application@appf.europa.eu).
- Cuir an rang iarratach in aithne le do thoil, chomh maith le hainm na scoile a bhfuil an rang seo ina chuid di. Cuir seoladh ríomhphoist agus seoladh poist ar fáil le haghaidh teagmhála. Ba cheart uimhir theileafóin amháin do mhúinteoir a chur ar fáil chun aon teagmháil lóistíochtúil a fhéadfaidh a bheith ag teastáil a chumasú.
- Ionas go mbeidh an tÚdarás in ann acmhainní aistriúcháin a chur in áirithe, cuir in iúl don Údarás an teanga oifigiúil de chuid AE ina ndéanfar an aighneacht (ní gá duit faisnéis a thabhairt roimh ré maidir le hábhar d'aighneachta atá le teacht ag an gcéim seo).

*Nóta: Forchoimeádaimid an ceart againn féin chun neamhaird a thabhairt ar iarratais nach gcomhlíonann na coinníollacha seo.*

### *2) Aighneachtaí*

- **Spriocdháta chun aighneachtaí a chur isteach: 6 Deireadh Fómhair 2023** tríd an ríomhphost chuig [application@appf.europa.eu](mailto:application@appf.europa.eu). Féadfar téacs na haiste (i bhformáid .docx nó .pdf) agus comhaid físe a sholáthar mar cheangaltán leis an ríomhphost, nó mar nasc chuig seirbhís néalstórála atá á hóstáil san Aontas Eorpach<sup>2</sup>.

*Nóta: Ní dhéanfar aighneachtaí neamhiomlána ná aighneachtaí a fhaightear tar éis an dáta sin a mheas.*

### *3) Próiseas Roghnúcháin:*

- Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar dtús ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh riachtanais fhoirmiúla na n-aighneachtaí, i gcomhar le Ballstáit tionscnaimh na n-aighneachtaí más gá.
- Molfaidh giúiré arna bhunú ag an Údarás measúnú in aghaidh na gcritéar roghnúcháin ar gach aighneacht a measadh a bheith incháilithe agus a chomhlíonann na ceanglais fhoirmiúla. Ag brath ar líon na ranganna rannpháirteacha i ngach Ballstát, áfach, féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar na Ballstáit liosta de na 5 aighneacht is fearr óna ndlínse a mholadh, agus sa chás sin ní chuirfí ach na haighneachtaí sin faoi bhráid an ghiúiré lena measúnú. Cuirfidh an tÚdarás seirbhísí rúnaíochta ar fáil don ghiúiré.
- Critéir roghnúcháin:
  - Caithfidh na haighneachtaí an topaic thuas a phlé. Tabhair faoi deara go n-áirítear leis an topaic seo, réimse oibre an Údaráis, ach nach bhfuil sí teoranta dó.

---

<sup>2</sup> Tá sé de fhreagracht ar na hiarratasóirí an t-ardán a roghnú.

- Tá bhur machnaimh féin ríthábhachtach - is féidir le rannchuidiú na vótálaithe amach anseo cabhrú chun an tAontas Eorpach a mhúnlú! Ná bíodh aon leisce ort a bheith cruthaitheach, agus na héifeachtaí praiticiúla á gcoinneáil i gcumhne! Dá bhrí sin, cé go bhfuil cead agat aon fhoinsé atá ar fáil go poiblí a úsáid le haghaidh do chuid taighde, ní mór gur do shaothar cruthaitheach féin a bheidh san aighneacht deiridh, *i.e.* ní féidir glacadh le téacs arb é atá ann cóipeáil agus greamú nó le téacs a ghintear leis an intleacht shaorga.
- Tá sé ina chuidiú má dhéanann tú idirdhealú idir moltaí don ghearrthéarma agus moltaí don fhadtéarma.
- Tá an aiste agus fiseán araon san áireamh le haghaidh an mheasúnaithe fhoriomláin, ualaithe 50 % an ceann.
- Agus moltaí an ghiúiré á gcur san áireamh, ainmneoidh an tÚdarás aighneacht bhuaiteach amháin. Féadfaidh an tÚdarás rogha a dhéanamh an aighneacht bhuaiteach a fhoilsiú.

### **Cén duais a bheidh ann don rang buaiteach?**

- Cuairt agus turas teoraithe ar cheann amháin d'ionaid oibre Pharlaimint na hEorpa (an Bhruiséil nó Strasbourg, a bheidh le cinneadh i bhfianaise na bhféilirí de shuíonna parlaiminteacha).
- Cruinnithe le pearsantachtaí Eorpacha ag an ócáid sin, roimh dheireadh 2023 ag am a roghnóidh an tÚdarás, lena n-áirítear an costas taistil, aisíocaíocht lóistín d'óiche amháin agus liúntas speansas laethúil don rang scoile buaiteach (30 dalta ar a mhéad, móide beirt mhúinteoirí ar a mhéad)<sup>3</sup>.

### **Conas a chosnaítear sonraí pearsanta?**

Próiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 295, 21 Samhain 2018, lch. 39–98). Iarrtar ar iarratasóirí féachaint ar an ráiteas príobháideachais a ghabhann leis an bhfógra comórtais seo, ina mínítear conas a phróiseálann an tÚdarás sonraí pearsanta i ndáil leis an nós imeachta.

---

<sup>3</sup> Chun faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi na méideanna agus na nósanna imeachta aisíocaíochta, féach rialacha an Údaráis maidir le haisíocaíocht chostais taistil agus lóistín saineolaithe agus íocaíochtaí liúntais laethúil, a chuirfear i bhfeidhm *mutatis mutandis* maidir le daltaí an chomórtais agus leis an múinteoir/na múinteoirí atá á dtionlacan: <https://www.appf.europa.eu/appf/ga/home/legal-background> .



## **IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN bhFÓGRA COMÓRTAIS DO RANGANNA SCOILE: RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS**

Is é is cuspóir don Ráiteas Príobháideachta seo ná a leagan amach conas a phróiseálann agus a stóráil an tÚdarás sonraí pearsanta maidir le hiarratasóirí i gcomhthéacs nós imeachta an chomórtais scoile a eagraíonn an tÚdarás. Tá sé mar aidhm leis freisin iarratasóirí a chur ar an eolas faoina gcearta i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018<sup>1</sup> (an ‘Rialachán’).

Is gá sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil chun an táirge is fearr a roghnú a cuireadh isteach sa nós imeachta comórtais a eagraíonn an tÚdarás. Tá próiseáil sonraí pearsanta a fhaightear mar chuid de nós imeachta iomaíochta dleathach faoi Airteagal (5)(a) agus (d) den Rialachán, ós rud é gur cuid de chomhlíonadh na gcúraimí a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail é an comórtas agus gur ar bhonn deonach a ghlactar páirt ann in aon chás<sup>2</sup>.

Baill foirne an Údaráis a bhíonn ag plé le hacmhainní daonna is mó a dhéanann na hoibríochtaí próiseála sonraí a bhaineann le hiarratais a chuirtear isteach mar thoradh ar an bhfógra comórtais a foilsíodh. Is í an fhoireann sin atá freagrach as fógraí comórtais a fhoilsiú, as iarratais a ghlacadh, agus as comhaid a tharchur ar aghaidh chuig na boird roghnúcháin/giúirí agus cinnteoirí ábhartha.

### **1. Cad iad na sonraí pearsanta a bhailítear, cad chuige a mbailítear iad agus cad iad na modhanna teicniúla trína mbailítear iad?**

Ní bhaileofar ná ní phróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí go léir ach a mhéid is gá chun iarratais ar an nós imeachta comórtais arna fhoilsiú ag an Údarás a phróiseáil. I gcomhréir le hAirteagal 4(1)(b) den Rialachán, ní phróiseálfar sonraí den sórt sin chun aon chríoche eile ná ní úsáidfear iad chun tacú le bearta ná cinntí a bhaineann le haon duine aonair ar leith.

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018R1725&qid=1688653398670>

<sup>2</sup> Diúltaíonn an tÚdarás don fhreagracht má mholann scoileanna nó múinteoirí do dhaltaí páirt a ghlacadh, toisc nach rud é sin a éilíonn an tÚdarás.

Ní mór méid suntasach sonraí pearsanta a phróiseáil mar chuid d'aon nós imeachta iomaíochta ar léirigh iarratasóir spéis ann. Go ginearálta, beidh an méid seo a leanas ar áireamh sna sonraí sin:

- a) pictiúir agus guth na ndaltaí agus an mhúinteora/na múinteoirí maoirseachta, chomh maith le hainmneacha agus sonraí teagmhála gach múinteora maoirseachta;
- b) don rang buaite amháin: ainmneacha na ndaltaí go léir, chomh maith le pictiúir agus ábhar gutha a tógadh ag an searmanas bronnta;
- c) eolas breise atá in aon chlárúchán don chomórtas. Tá na sonraí sin tábhachtach ó thaobh a chinneadh an bhfuil iarratasóir incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas a d'fhoilsigh an tÚdarás.

I gcás iarratasóirí ó ranganna scoile de chuid an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh doiciméid eile de dhíth chun comhad iarratasóra le haghaidh comórtas ar leith a phróiseáil, doiciméid a úsáidfídh foireann an Údaráis a bheidh ag déileáil le himeachtaí, chun críche nós imeachta an chomórtais agus chun na críche sin amháin agus a scriosfar tar éis do nós imeachta an chomórtais agus don searmanas bronnta a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith curtha i gcrích.

Féadfar roinnt sonraí pearsanta ábhartha a fhaightear tríd an bpróiseas iarratais a choinneáil chun críocha stairiúla nó staidrimh tar éis do nósanna imeachta iomaíochta a bheith curtha i gcrích. Chun na staitisticí sin a ghiniúint, stórálfar taifead de na hiarratais a cuireadh isteach. Beidh rochtain ar fhaisnéis ar bith teoranta go docht.

Tabhair do d'aire gur ar mhúinteoir(i) na n-iarratasóirí a fhanfaidh an fhreagracht as toiliú a fháil (do mhionaoisigh óna dtuismitheoirí/caomhnóirí dleathacha) (cuirfidh an tÚdarás teimpléad ar fáil arna iarraidh sin). Ní chuireann easpa toilithe ó dhaltaí aonair bac ar an gcuid eile den rang eile páirt a ghlacadh sa chomórtas, ar choinníoll nach n-aistrítear sonraí pearsanta na ndaltaí aonair lena mbaineann chuig an Údarás.

## **2. Cé aige nó aici a bhfuil rochtain ar do chuid sonraí agus cé dó a nochtar iad?**

I rith phróiseas an chomórtais, tá rochtain ag baill foirne an Údaráis atá ag déileáil le himeachtaí ar shonraí pearsanta a chuireann iarratasóirí ar fáil. Faigheann agus logálann an foireann sin gach iarratas agus fíoraíonn sí an bhfuil iarratasóir incháilithe don chomórtas atá i gceist.

Déantar achoimre ar na hiarratais a fuarthas maidir le nós imeachta comórtais ar leith, mar aon le cóipeanna d'iarratais, a scaipeadh i measc na ngiúiréithe agus na gcinnteoirí ábhartha i ndiaidh an dáta deiridh le haghaidh iarratas.

Cuireann an tÚdarás beartas i bhfeidhm a fhágann nach mór sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil, a stóráil agus a scríosadh ar deireadh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Rialachán. Féadfaidh faighteoirí aon sonraí pearsanta arna gcur isteach ag iarratasóirí a phróiseáil “chun na gcríoch dár tarchuireadh iad agus chun na gcríoch sin amháin”.

### **3. Conas a chosnaítear do shonraí pearsanta agus conas a choimircítear iad?**

Is ag baill foirne an Údaráis amháin atá rochtain ar na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear maidir le hiarratais ar nósanna imeachta iomaíochta.

### **4. Cá fhad a choinnítear sonraí pearsanta?**

Comhaid pháipéir agus leictreonacha ina bhfuil sonraí pearsanta (iarratais, etc.) a choimeádann an tÚdarás maidir le hiarratais a chuirtear isteach, déanfar iad a stóráil go ceann uastréimhse 7 bliana tar éis do nós imeachta an chomórtais a bheith tugtha chun críche. Tar éis na tréimhse sin, déanfar an comhad/na comhaid a scríosadh. Coinneoidh an tÚdarás taifead de na hiarratais a chuirtear isteach gan ainm chun críocha staidrimh (féach pointe 1 thuas).

### **5. Conas is féidir le hiarratasóirí a sonraí pearsanta a fhíorú, a mhodhnú nó a scríosadh?**

Tá ceart rochtana ag iarratasóirí tráth ar bith ar fhaisnéis fúthu a úsáidtear i ndáil le hiarratas, ar choinníoll go gcosnófar rúndacht phlé agus chinnteoireacht na mbord roghnúcháin/na mbreithiúna, mar aon le cearta iarratasóirí eile. Tá sé de cheart ag iarratasóirí freisin a seasamh féin a chur in iúl, agóid a dhéanamh nó gearán a dhéanamh.

Más mian le hiarratasóirí rochtain a fháil ar aon sonraí pearsanta, nó iad a mhodhnú, a bhlocáil nó a scríosadh, ba cheart iarraidh a chur faoi bhráid Stiúrthóir an Údaráis. Ba cheart iarrataí a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist nó chuig an seoladh poist atá liostaithe faoi phointe 6 (thíos).

I bhfianaise nósanna imeachta iomaíochta atá ar siúl, moltar go láidir d’iarratasóirí a bhfuil iarratas curtha isteach acu aon sonraí pearsanta ábhartha a d’fhéadfadh a bheith as dáta a cheartú nó a mhodhnú. Ba cheart d’iarratasóirí a bheith ar an eolas, má iarrann siad go scríosfaí gnéithe áirithe de shonraí pearsanta atá riachtanach chun meastóireacht agus próiseáil a dhéanamh ar iarratas ar fhógra comórtais, go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar aige sin ar cé acu is féidir nó nach féidir iarratas a phróiseáil i gceart.

Is féidir leis an duine is ábhar do na sonraí, tráth ar bith le linn an nós imeachta iomaíochta, na sonraí aitheantais a cheartú. Ós rud é nach mór d’iarratasóirí na critéir incháilitheachta

don nós imeachta comórtais atá i gceist a chomhlíonadh ar a dhéanaí an dáta a dhúntar a fhoilsiú, ní fhéadfaidh iarratasóirí ach catagóirí sonraí a bhaineann lena n-incháilitheacht a cheartú suas go dtí an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach.

## 6. Sonraí Teagmhála

Aon cheist nó aon iarraidh a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ndáil le hiarratais ar fhógraí iomaíochta san Údarás, agus cearta na n-iarratasóirí sa chomhthéacs sin, ba cheart í a sheoladh chuig na seoltaí seo a leanas:

Ríomhphost:

[application@appf.europa.eu](mailto:application@appf.europa.eu)

Seoladh poist:

An tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla

Eorpacha

Faoi bhráid an Uasail Pascal SCHONARD (Stiúrthóir)

Rue Wiertz 60

1047 An

Bhrúisél, an

Bheilg

## 7. Barúlacha agus Agóidí

Maidir le hábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin, is féidir tuairimí fúthu a chur chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an Údaráis.

Teagmháil:

[Data-Protection@europarl.europa.eu](mailto:Data-Protection@europarl.europa.eu)

I gcomhréir leis an Rialachán, ba cheart aon ghearáin a sheoladh chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (suíomh gréasáin: [https://edps.europa.eu/\\_en](https://edps.europa.eu/_en)).

Teagmháil: [edps@edps.europa.eu](mailto:edps@edps.europa.eu)

\* \* \*

\* \*

\*